2025/2030

22.12.2025

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2025/2030 ÓN gCOIMISIÚN

an 9 Deireadh Fómhair 2025

lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/1700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí líon agus teidil na n-athróg 8 mbliana a shonrú maidir le 'eagrú na hoibre agus socruithe maidir le ham oibre' agus 'tionóiscí ag an obair agus fadhbanna sláinte a bhaineann leis an obair' i bhfearann an lucht saothair

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/1700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Deireadh Fómhair 2019 lena mbunaítear creat comhchoiteann le haghaidh staidreamh Eorpach a bhaineann le daoine agus le teaghlaigh, bunaithe ar shonraí ar an leibhéal aonair arna mbailiú ó shamplaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 808/2004, (CE) Uimh. 452/2008 agus (CE) Uimh. 1338/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1177/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 577/98 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 6(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

Chun na riachtanais a sainaithníodh sna topaicí mionsonraithe 'eagrú na hoibre agus socruithe maidir le ham oibre' agus 'tionóiscí ag an obair agus fadhbanna sláinte eile a bhaineann leis an obair' i bhfearann an lucht saothair a chumhdach, is gá líon agus teideal na n-athróg 8 mbliana a shonrú le haghaidh na dtacar sonraí maidir leis na topaicí mionsonraithe sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Is mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a bheidh líon agus teideal na n-athróg 8 mbliana le haghaidh na dtacar sonraí i bhfearann an lucht saothair maidir leis na topaicí mionsonraithe 'eagrú na hoibre agus socruithe maidir le ham oibre' agus 'tionóiscí ag an obair agus fadhbanna sláinte a bhaineann leis an obair'.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 9 Deireadh Fómhair 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

([1]) IO L 266I, 14.10.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1700/oj.

Is iad seo a leanas líon agus teideal na n-athróg 8 mbliana i bhfearann an lucht saothair maidir leis na topaicí mionsonraithe ‘eagrú na hoibre agus socruithe maidir le ham oibre’ agus ‘tionóiscí ag an obair agus fadhbanna sláinte a bhaineann leis an obair’:

Topaic	Topaic mhionsonraithe	Aitheantóir na hathróige	Ainm na hathróige
Dálaí oibre lena n-áirítear uaireanta oibre agus socruithe maidir le ham oibre, *- 10 n-athróg a bailíodh*	Eagrú na hoibre agus socruithe maidir le ham oibre	FREEHOUR	Saoirse maidir le huaireanta an chloig a ghlacadh saor
		FREELEAV	Saoirse maidir le saoire a ghlacadh
		FLEXWT	An tsolúbthacht a bhfuil coinne léi maidir le hamanna oibre
		AVAIFREE	Ar fáil chun obair a dhéanamh in am saor
		RECHOURS	Láithreacht nó uaireanta oibre a thaifeadadh
		PRESSURE	Ag obair faoi bhrú ama
		JOBAUTON	Neamhspleáchas fostaíochta
		PLACEWK	Príomháit oibre
		COMMUTM	Am comaitéireachta
		OTHERLOC	Ag obair ar shuíomhanna eile
Sláinte: stádas agus míchumas, rochtain ar chúram sláinte agus deitéarmanaint sláinte agus infhaighteacht agus úsáid an chúraim sláinte agus na ndeitéarmanant sláinte sin — *11 athróg a bailíodh*	Tionóiscí ag an obair agus fadhbanna sláinte a bhaineann leis an obair	ACCIDNUM	An líon tionóiscí ag an obair le 12 mhí anuas
		ACCIDTYP	An cineál tionóisce ag an obair
		ACCIDJOB	An post atá nasctha leis an tionóisc
		ACCIDBRK	Fad na neamhláithreachta ón obair mar gheall ar an tionóisc ag an obair
		HPROBNUM	An líon fadhbanna sláinte a bhaineann leis an obair le 12 mhí anuas
		HPROBTYP	Cineál na faidhbe sláinte is tromchúisí a bhaineann leis an obair
		HPROBLIM	Fadhb shláinte a chuireann teorainn le gníomhaíochtaí laethúla
		HPROBJOB	An post atá nasctha leis an bhfadhb shláinte
		HPROBBRK	Fad na neamhláithreachta ón obair mar gheall ar an bhfadhb shláinte a bhaineann leis an obair
		PHYSRISK	Neamhchosaint ar fhachtóirí riosca maidir leis an tsláinte fhisiciúil
		MENTRISK	Neamhchosaint ar fhachtóirí riosca maidir leis an bhfolláine mheabhrach